Polasaí Um Dháileadh Leighis

Intreoir:
Tá Polasaí Um Dháileadh Leighis againn sa scoil ó 2018. Cuireadh an polasaí le chéile trí phróiseas scoile comhoibritheach agus daingníodh ag an mBord Bainistíochta Scoile é i 2018.

Réasúnaíocht:
Cuireadh an polasaí seo le chéile chun:

- tinreamh na bpáistí a fheabhsú ar scoil
- réimsí freagrachta a shoiléiriú
- treoir shoiléir a thabhairt maidir le cásanna nuair nach bhfuil sé oiriúnach an leigheas a dháileadh
- teorainneacha na riachtanas a léiriú agus a chur in iúl do mhúinteoirí agus d'fhoireann na scoile
- cur síos a dhéanamh ar na nósanna imeachta chun déileáil le páistí a bhfuil ailléirge cnó orthu inár scoil
- baill foirne atá sásta leigheas a dháileadh a chosaint
- cuimsiú a spreagadh do pháistí le hailléirgí
- an scoil a chosaint in aghaidh fhéidearthacht na dlíthíochta

Gaolmhaireacht le hÉiteas na scoile:
Cuireann an scoil teagmhálacha dhearfacha baile-scoile chun cinn, ní amháin maidir le leas páistí , ach maidir le gach gné den saol scoile. Claíonn an polasaí seo le héiteas na scoile trí thimpeallacht scoile shábháilte, shlán agus aireach a sholáthar agus naisc dhearfacha baile-scoile a fhorbairt.

Aidhmeanna an pholasaí:
Is féidir aidhmeanna agus cuspóirí an pholasaí a achoimriú mar seo a leanas;

- rioscaí sláinte a íoslaghdú do pháistí agus don fhoireann ar áitreabh na scoile
- dualgas an Bhoird a chomhlíonadh maidir le ceanglais Shláinte agus Shábháilteachta
- creatlach a sholáthar ina bhféadfaí leigheas a dháileadh i gcásanna éigeandála nó i gcásanna inar aontaíodh dáileadh leighis rialta le tuismitheoirí / caomhnóirí

Nósanna imeachta inscoile:
Bíonn ar thuismitheoirí foirm Shláinte/Chogáis a líonadh nuair a chláraíonn siad a bpáiste(í) sa scoil. Ní chuirtear oibleagáid ar mhúinteoir ar bith leigheas nó drugaí a dháileadh do pháiste agus oibríonn aon mhúinteoir atá sásta iad a dháileadh faoi na treoirlínte rialaithe a leanas:

- Ní dhéanfar leigheasanna ar oideas **éigeandála** a dháileadh go dtí go scríobhann tuismitheoirí an pháiste chuig an mBord ag iarraidh ar an mBord múinteoir den fhoireann teagaisc a údarú chun é sin a dhéanamh. Ní dhéanfar leigheas neamhordaithe a stóráil nó a dháileadh sa scoil, ar chúinse ar bith. Lorgfaidh an Bord slánaíocht ó thuismitheoirí maidir le haon dliteanas a eascraíonn as dáileadh leigheasanna i bhfoirm litir indeimnithe (féach agúisín 5).

- Molann an scoil go ginearálta féin-dháileadh (mar shampla, ionanálaithe) de leigheas éigeandála faoi mhaoirseacht dhuine fásta, ag feidhmiú chúraim thuismitheora ach amháin má tá an páiste ró-óg leis an leigheas a thógáil i gceart go neamhspleách. Beidh cainníocht bheag de dhrugaí oidis á stóráil san Oifig Riaracháin más gá d'fhéin-dháileadh laethúil do pháiste ar bith agus tá iarratas curtha isteach ag na tuismitheoirí le haghaidh saoráidí stórála. Titeann sé faoi fhreagracht na dtuismitheoirí an leigheas a fháil, ag cinntiú go bhfuil an leigheas i ndáta agus go gcuirfear aon athrú dáileogachta in iúl.
- Tá sé faoi dhualgas proifisiúnta na múinteoirí sláinte agus sábháilteacht na bpáistí a chosaint, nuair a bhíonn siad ar áitreabh na scoile agus i bun imeachtaí údaraithe scoile as áitreabh araon (Ag snámh, turais scoile srl.)
- Iarrann an Bord Banistíochta ar thuismitheoirí go gcuirfí aon eolas maidir le riocht leighis a bpáiste i scríbhinn chuig an múinteoir cuí go bliaintiúil.
- Ní chuireann sé seo dualgas ar mhúinteoirí go pearsanta tabhairt faoi leigheasanna nó drugaí a dháileadh. Sa chás nach dtoilleann an múinteoir ranga an leigheas a dháileadh; ainmneofar múinteoir eile nó cuntóir riachtanais speisialta ar leith chun an leigheas a dháileadh.
- Crochfar grianghraif de na páistí sa seomra foirne ionas go mbeidh an fhoireann ar an eolas faoi pháistí a bhfuil ailléirgí orthu sa scoil. Beidh teimpléid caighdeánach do chách (agúisín 1). Beidh an t-eolas faoi leigheas/alléirge a bhaineann le dalta na scoile le chlúdú taobh amuigh d'am scoile
- Má tharlaíonn sé go bhfuil an múinteoir ranga as láthair/ar lá cúrsa/inseirbhíse, cuirfear an t-ionadaí nó an múinteoir a bheas ag tabhairt aire don pháiste le riachtanais leighis ar leith ar an eolas faoi na riachtanais leighis seo agus conas déileáil le tinneas/eachtra. Cuirfear na páistí chuig na múinteoirí céanna, a bhfuil an t-eolas acu, i gcásanna asláithreachta más féidir. Beidh cóip den teimpléid caighdeánach (agúisín 1) ar fáil i seomra ranga an dalta sin d'aon oide a bheadh ag múineadh sa rang ar lá ar leith.
- Déanfaidh na múinteoirí iarracht daltaí a spreagadh feasacht chuí aoise ina ranganna de na modhanna dea-chleachtais chun lón a ithe go sábháilte ionas go seachnófar tras-éilliú le bianna
    - Ag ithe bia i do shuí sa rang.
    - Ag ní na lámh roimh bhia a ithe
    - Ag ithe bia faoi mhaoirseacht
    - Ag díspreagadh comhroinnt bia sa rang.

Fadhbanna sláinte fadtéarmacha

Sa chás go mbíonn fadhbanna sláinte fadtéarmacha ag páistí sa scoil, caithfear socruithe cuí agus tuisceana maidir le dáileadh leighis a dhéanamh leis an mBord Bainistíochta. Titeann sé seo faoi fhreagrach na dtuismitheoirí / gcaomhnóirí. Áireodh sé bearta cosúil le féin-dháileadh, dáileadh faoi mhaoirseacht na dtuismitheoirí nó dáileadh déanta ag foireann na scoile.

Riocht Bagrach don Bheatha

Sa chás ina bhfuil páiste le riocht bagrach don bheatha, caithfidh na tuismitheoirí míniú go soiléir, i scríbhinn, cad gur chóir a dhéanamh i gcás éigeandála, ag déanamh tagairt ar rud ar bith a bheas mar riosca don pháiste (Aguisín 3). Má tá leigheas éigeandála riachtanach, caithfidh socruithe bheith déanta leis an mBord Bainistíochta. Caithfidh litir shlánaíochta bheith sínithe ag na tuismitheoirí maidir le haon dliteanas a thiocfadh aníos le linn dháileadh leighis.

Treoirlínte Um Dháileadh Leighis

1. Caithfidh tuismitheoirí an pháiste le riachtanais leighis ar leith an Bord Bainistíochta a chur ar an eolas faoin riocht, i bhfoirm scríbhinn, ag míniú na mionsonraí riachtanacha ar fad ar an riocht. Caithfidh treoir scríofa a bheith ag an iarratas freisin a bheas le leanúint ag dáileadh leighis.. (Aguisín 1, 2 nó 3)
2. Caithfidh tuismitheoirí iarratas i bhfoirm scríbhinn a chur chuig an mBord Bainistíochta chun dáileadh leighis ar scoil a údarú.

3. Sa chás inar tugadh cead sonrach ag an mBord Bainistíochta maidir le dáileadh leighis, ní mór do na tuismitheoirí/caomhnóirí/duine fásta ainmnithe na leigheasanna a thabhairt leo ar scoil.
4. Caithfear taifead scríofa den dáta agus den am ar dáileadh an leighis a choimeád ag an duine á dháil (Aguisín 4).
5. Tá tuismitheoirí / caomhnóirí freagrach as a chinntiú go soláthraítear leigheas éigeandála don scoil agus á athlonnú nuair is gá.
6. Ní mór go mbeadh mionsonraí cruinn ag leigheas éigeandála maidir le conas a dháileofar é
7. Ní mór don Bhord Bainistíochta árachóirí na scoile a chur ar an eolas dá réir sin.
8. Éilítear ar thuismitheoirí an Bord Bainistíochta agus baill den fhoireann a shlánú maidir le haon dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le dáileadh leigheasanna forordaithe sa scoil
9. Coinnítear gach comhfhreagras a bhaineann leis na nithe thuas sa scoil.

Leigheasanna

- Ní stórálfar nó ní dháileofar leigheas neamh-fhorordaithe do dhaltaí sa scoil
- Ní dhéanfaidh múinteoirí/cúntóirí ranga/an fhoireann choimhdeach ach leigheas forordaithe a dháileadh nuair a chuirtear socruithe i bhfeidhm mar atá léirithe thuas
- Caithfear socruithe a dhéanamh leis an bPríomhoide maidir le leigheas éigeandála áirithe a stóráil, a bheas inrochtana go héasca i gcónaí. Stórálfar na leigheasanna seo i mbosca leigheas sa seomra ranga agus ag am lóin; in aice le doras an chlóis nó tabharfar don mhúinteoir atá ar dhualgas chlóis é. I gcás análaitheoirí ag am chlóis; beidh an dara análaitheoir ar fáil i suíomh lárnach atá gar do chlós an pháiste. Coinneofar an dara análaitheoir anseo go laethiúil.
- Ní bheidh cead ag múinteoirí/cúntóirí ranga/an fhoireann choimhdeach aon leigheas a dháileadh gan údarú sonrach an Bhord Bhainistíochta
- Caithfidh an leigheas forordaithe bheith féin-dháilithe más féidir, faoi mhaoirseacht múinteora/chúntóir ranga atá údaraithe
- Níl aon mhúinteoir / cúntóir faoi bhrú / oibleagáid chun leigheas nó drugaí a dháileadh do pháiste
- I gcás éigeandála, cuirfear fios ar chúnamh leighis ó dhuine cáilithe chomh luath agus is féidir agus déanfar teagmháil leis na tuismitheoirí
- Ní mholtar go gcoimeádfar páistí leigheas i málaí, cótaí, srl. muna málaí ar leith iad maidir leis an leigheas atá le dáileadh. (Málaí speisialaithe chun pinn aidréanailíní a choinneáil srl.)
- Nuair is féidir, ba cheart do na tuismitheoirí leigheas forordaithe a dháileadh lasmuigh d'uaireanta scoile.

Cuirtear na treoirlínte seo a leanas i bhfeidhm do dhaltaí a bhfuil dian ailléirge orthu:

1. Measúnú a dhéanamh ar mhéid an ailléirge
2. Comhairle a thabhairt do pháistí gan bia, milseáin, lóin srl. a thairiscint nó a mhalartú
3. Más rud é go bhfuiltear ag fágáil áitreabh na scoile, tugfar an leigheas leo

Sa chás go dtagann an páiste i dteagmháil le substaint a bhfuil ailléirgeach orthu:

1. Déan meas ar an ailléirge.
2. Lean an plean imoibrithe ailléirgeach a aontaíodh le tuismitheoirí / caomhnóir

Leideoirí agus Táscairí Suaite:

Is iad na comharthaí suaite ná cársán, deacracht mhór ag análú, táscáirí gastraistéigeacha ar nós pianta an bhoilg, crampaí, urlacain agus buinní.

I gcás éigeandála:

I gcás éigeandála, níor chóir do mhúinteoirí níos mó ná mar is gá agus is cuí a dhéanamh chun anacair mhór a mhaolú nó dochar breise agus doleasaithe a dhéanamh. Tá córas sa scoil, inár féidir

cárta caighdeánach in-aitheanta a chur ar aghaidh go dtí an múinteoir béal dorais má tá gá (agúisín 6). Ba cheart cabhair leighis cháilithe a lorg i gcásanna éigeandála chomh luath agus is féidir.

Nuair nach bhfuil cabhair leighis cháilithe ar fáil agus bíonn cabhair leighis ag teastáil láithreach, is féidir le baill foirne ainmnithe páiste a thabhairt go dtí an Rannóg Timpistí agus Éigeandála láithreach. Déanfar teagmháil leis na tuismitheoirí láithreach bonn.
Ar bharr sin, ní mór do thuismitheoirí a chinntiú go gcuirtear an múinteoir ar an eolas, i bhfoirm scríbhinn, faoi aon riocht míochaine ar a bhfuil a bpáistí ag fulaingt. Mar shampla, tá seans ann go mbeadh taom ag páistí a bhfuil titimeas nó diaibéiteas orthu am ar bith agus ní mór do na múinteoirí a bheith ar an eolas faoi na hairíonna a bhaineann leo chun a chinntiú go bhféadfadh daoine cuí cóireáil leighis a thabhairt dóibh.
Tá sonraí scríofa ag teastáil ó na tuismitheoirí / caomhnóirí ag cur síos ar shonraí pearsanta an pháiste, ar ainm an leighis agus ar dháileog forordaithe, cén cás ina bhfuil an páiste in ann an leighis a fhéin-dháileadh agus conas an leighis a dháileadh. Ba cheart do thuismitheoirí cur síos soiléir a dhéanamh ar nósanna imeachta cuí do pháiste a thógann leigheas do ghalair a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha. Coinníonn an scoil clár nuashonraithe de shonraí teagmhála gach tuismitheoir / caomhnóir lena n-áirítear uimhreacha éigeandála. Déantar é seo a nuashonrú ag tús na scoilbhliana nua i mí Mheáin Fhómhair.

Boscaí Garchabhracha:



- Ag cinntiú go bhfanann an príomhfhreagracht don dháileadh leighis le tuismitheoirí / caomhnóirí

Daingniú agus athbhreithniú:
Dhaingnigh an Bord an polasaí seo i 2018. Déanfar athbhreithniú air i gcás teagmhais nó ar chlárú pháiste / pháistí a bhfuil riochtaí leighis suntasacha acu, ach ní níos faide amach ná 2021.

Cur i bhfeidhm:
Cuireadh an polasaí seo i bhfeidhm i 2018.

Aguisín 1

Riocht leighis agus Dáileadh Leighis

Ainm an pháiste: _____

Seoladh: _____

Dáta breithe: _____

Teagmhálacha éigeandála

1) Ainm: _____ Guthán: _____

2) Ainm: _____ Guthán: _____

3) Ainm: _____ Guthán: _____

4) Ainm: _____ Guthán: _____

Dochtúir an pháiste: _____ Guthán: _____

Múinteoir ranga: _____

Riocht leighis:

_____

Sonraí oidis:

_____

Sonraí Stórais:

_____

Dáileogacht ag teastáil:

_____

An bhfuil an páiste freagrach as an oideas a thógáil é/í féin?

_____

Cén gníomh atá ag teastáil?

_____

Iarraim/iarraimid go n-údaraíonn an Bord Bainistíochta leigheas ar oideas a ghlacadh le linn uaireanta scoile toisc go bhfuil sé fíor-riachtanach do shláinte agus d'folláine mo pháiste/ár bpáiste. Tuigim(id) nach bhfuil saoráidí ag an scoil chun leighis ar oideas a stóráil go sábháilte agus caithfear an leigheas forordaithe a thabhairt ar scoil go laethúil. Tuigim(id) go gcaithfidh mé (muid) aon athrú leighis/dáileogachta a chur in iúl i scríbhinn don scoil/mhúinteoir agus go gcaithfidh mé (muid) an múinteoir a chur ar an eolas go bliantúil faoin oideas/riocht leighis. Tuigim(id) nach bhfuil traenáil leighis ag ball foirne ar bith agus slánaímid an Bord ó aon dhliteanas a thagann aníos um dháileadh leighis.

Sínithe _____ Tuismitheoir/Caomhnóir

_____ Tuismitheoir/Caomhnóir

Dáta _____

Aguisín 2

Sonraí Ailléirge

Saghas Ailléirge: _____

Leibhéal Frithghníomhú: _____

Leigheas: _____

Sonraí Stórála: _____

Dáileogacht ag teastáil: _____

Nós imeachta um Dháileadh Leighis (Cén uair, Cén fáth, Conas)

_____

_____

_____

_____

Sínithe: _____

Dáta: _____

Aguisín 3

Nósanna imeachta i gcásanna éigeandála

Má léiríonn _____ aon chomhartha dá riocht leighis, ba chóir na nósanna imeachta a leanas a leanúint:

Comharthaí: _____

_____

_____

_____

_____

Nós imeachta:

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____

San áireamh: Glaoigh ar 999 nó 112 agus cuir fios ar na seirbhísí éigeandála.
Déan teagmháil leis na tuismitheoirí

Sínithe: _____

Dáta: _____

Aguisín 4

Taifead den dháileadh leighis

Ainm an pháiste: _____

Dáta breithe: _____

Riocht leighis: _____

Leigheas: _____

Sonraí Um Dháileadh Leighis:

Dáta	Am	Dáileogacht	Conas?ó bhéal/

Duine 1:

Sínithe: _____

Dáta: _____

Duine 2:

Sínithe: _____

Dáta: _____

Aguisín 5 (leagan Béarla)

ADMINISTRATION OF MEDICINES IN SCHOOLS INDEMNITY

THIS INDEMNITY made on the _____ day of _____ 20___ BETWEEN _____ of _____

(hereinafter called 'the parents') of the One Part AND

for and on behalf of the Board of Management of Gaelscoil Naomh Padraig situated at Br. An Chaisleáin, Leamhcán, in the County of Baile Átha Cliath (hereinafter called 'the Board') of the Other Part.

WHEREAS:

1. The parents are respectively the lawful father and mother of _____ of the above school.
2. The pupil suffers on an ongoing basis from the condition known as _____ .
3. The pupil may, while attending the said school, require, in emergency circumstances, the administration of medication, viz. _____ .
4. The parents have agreed that the said medication may, in emergency circumstances, be administered by the said pupil's classroom teacher and/or such other member of staff of the said school as may be designated from time to time by the Board.

NOW IT IS HEREBY AGREED by and between the parties hereto as follows:

a) In consideration of the Board entering into the within Agreement, the parents, as the lawful father and mother respectively of the said pupil HERRBY AGREE to indemnify and keep indemnified the board, its servants and agents including without prejudice to the generality the said pupil's class teacher and/or the Principal of the said school from and against all claims, both present and future, arising from the administration or failure to administer the said medicines.

IN WITNESS whereof the parties hereto have hereunto set their hands and affixed their seals the day and year first herein WRITTEN.

SIGNED AND SEALED by the parents in the presence of:_____

_____

SIGNED AND SEALED by the said in the presence of:_____

Aguisín 6

Cártaí Éigeandála: Teimpléid Samplach